Polasaí Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC)

maidir le Bliain Chónaitheachta ar Oileáin Árann - Iar-bhunoideachas trí mheán na Gaeilge

(cistithe faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG).

Galway and Roscommon Education and Training Board's (GRETB) Policy in respect of a one-year education residency on the Aran Islands – Post-primary education through the medium of Irish

(funded under Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG))

1. An clár bliain chónaitheachta oideachas oileáin
One-year islands' education residency programme

Gach bliain, trí Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, cuireann an RCOG cistiú ar fáil chun clár socrúchán cónaitheachta Gaeltachta a thairiscint do mhic léinn dara leibhéal ar mhaith leo tréimhse scoilbhliana acadúla amháin ar a laghad a chaitheamh i gceann de thrí scoil iar-bhunoideachais BOOGRC ar Oileáin Árann. Is iad na scoileanna sin Coláiste Naomh Éinne Inis Mór; Coláiste Ghobnait, Inis Oírr; agus Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin (na trí scoil). Baineann an polasaí seo leis na trí scoil oileáin sin amháin.
Tá an clár seo faoi réir leordhóthain teaghlach lóistín a bheith ar fáil chun freastal ar éileamh. Níl aon smacht ag BOOGRC ar líon na dteaghlach iostais a ghlacann páirt sa chlár, ná ar chinneadh teaghlaigh iostais tarraingt amach as an gclár socrúchán iostais seo ag am ar bith nó deireadh a chur le socrúchán iostais scoláire, roimh thosach scoilbhliana nó le linn scoilbhliana. Sa chás go gcinnfeadh ceann/cinn teaghlach iostais deireadh a chur le socrúchán iostais scoláire, déanfaidh BOOGRC féidearthachtaí malairt iostais a chur ar fáil don scoláire i dtrácht a fhiosrú. Mura féidir teacht ar shocrúchán iostais atá aitheanta faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, RCOG, rachaidh an socrúchán iostais i léig agus ní bheidh BOOGRC faoi dhliteanas ar bith sa chás sin.

Annually, through Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, the DCHG funds a Gaeltacht residency programme to enable post-primary students spend a period of one academic year, minimum, in one of three GRETB post-primary schools on the Aran Islands. These schools are Coláiste Naomh Éinne Inis Mór; Coláiste Ghobnait, Inis Oírr; and Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin (the three schools). This policy applies to these three island schools only.
This programme is subject to sufficient accommodation placements being available to meet demand from applicant students. GRETB does not have any control over the number of host families who offer accommodation for students on placement, nor does GRETB have any control over decisions by host families to withdraw from this programme at any time, or to end accommodation placement with any individual student, either prior to commencement

of the academic year or at any time during the academic year. In the event of the head(s) of an accommodation household deciding to end the accommodation placement for any student residing with it, GRETB shall investigate the possibilities of putting in place alternative accommodation arrangements for the student in question. In the event that an alternative accommodation arrangement is not secured, one that is recognised under DCHG Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, the accommodation placement shall come to an end. In such an eventuality, no liability shall attach to GRETB.

2. Na páirtithe leasmhara is bonn leis an bpolasaí seo ná
Stakeholders who are parties to this policy

BOOGRC; an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG); na 3 scoil; na scoláirí; a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí; agus an ceann/na cinn teaghlaigh a chuireann iostas ar fáil do na scoláirí.
Beidh scoláirí atá ar chónaitheacht sna trí scoil ag feidhmiú faoin bpolasaí seo agus faoi gach polasaí eile sna trí scoil, gan eisceacht.

GRETB; Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG); the three schools; the students; their parents/guardians; and the head(s) of households who provide accommodation for the students.
Students who attend on residency at the three schools are subject to this policy and to all other policies in the three schools, without exception.

3. In loco parentis

Beidh na trí scoil 'in loco parentis' do gach mac léinn atá ar socrúchán cónaitheachta le linn am féilire scoile, díreach mar a bhíonn do gach scoláire lae. Beidh na teaghlaigh iostais 'in loco parentis' ag gach am eile nuair is ceart do mhic léinn a bheith leo. Cuirfidh an ceann teaghlaigh a (h)ainm leis an gconradh iostais, agus is é/í an té sin a shíníonn an conradh sin a bheidh 'in loco parentis' don scoláire/do na scoláirí le linn dóibh a bheith ar iostas leo. Ag gach am eile, is faoi fhreagracht a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a bheidh na scoláirí. Faomhann an RCOG na teaghlaigh iostais.

The three schools shall act 'in loco parentis' for the students who are on residency placements at all times when they attend school during the school calendar year. The households who provide accommodation to the students on residency placement shall be 'in loco parentis' at all other times when students are supposed to be with them. The head(s) of the accommodation household who sign(s) the accommodation contract shall be 'in loco parentis' for the student(s) at all times when the students reside with them. At all other times, the students shall be the responsibility of their parents/guardians. The DCHG approves the households who provide the students with accommodation.

4. Sainmhíniú dlíthiúil ar leanbh in Éirinn
Legal definition of a child in Ireland

Faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, sainmhínítear leanbh mar "duine faoi bhun 18 mbliain d'aois, seachas aon duine atá nó a bhí pósta".

Under the Child Care Act 1991, a child is defined as "a person under the age of 18 years, excluding a person who is or has been married".

5. An meán teagaisc sna na trí scoil
The medium of instruction in the three schools

Is trí mheán na Gaeilge amháin a sholáthraítear an tréimhse bliain chónaitheachta oideachas oileáin i.e. an bhliain acadúil scoile. Feidhmeoidh na trí scoil trí chur chuige an tumoideachais, comhsheasmhach leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.
https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf

"Baineann an téarma Tumoideachas, mar a úsáidtear sa Treoir seo, le comhthéacs na scoile Gaeltachta agus an bhrí a bhaineann leis ná an cleachtas a bheith ag múineadh agus ag soláthar oideachais go hiomlán trí sprioctheanga na scoile (an Ghaeilge), seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile. Ciallaíonn lántumadh go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge amháin. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na scoláirí."

DRÉACHT-TREOIR d'IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA
TUMOIDEACHAS: Táscairí Dea-Chleachtais, Roinn Oideachais agus Scileanna, Meán Fómhair 2018

The medium of instruction for the duration of the one-year island education residency, i.e. the academic year, shall be the Irish language only (Gaeilge). All three schools shall operate under the immersion education model, consistent with the *Policy on Gaeltacht Education 2017-2022*.
https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Policy-on-Gaeltacht-Education-2017-2022.pdf

"The term Immersion Education as used in this Guide relates to the Gaeltacht school context and refers to the practice that pertains to the teaching and provision of education entirely though the school's target language (Irish), apart from the English curriculum and other languages. Total immersion means that the learning environment operates solely through Irish. This enables the fuller development of students' language proficiency."

DRAFT-GUIDE FOR GAELTACHT POST-PRIMARY SCHOOLS
IMMERSION EDUCATION:Indicators of Good Practice
Department of Education and Skills, September 2018

6. Luach airgid na cónaitheachta
Financial value of the residency

Is í an RCOG a chinneann luach airgeadais na cónaitheachta. Clúdaíonn an chónaitheacht costais lóistín amháin ar na hoileáin le linn na bliana acadúla scoile, sin uile. Ní bheidh aon airgead iníoctha le scoláirí ná tuismitheoirí/caomhnóirí. Is cúram do thuismitheoirí/chaomhnóirí gach uile chostas eile a íoc e.g. córas iompair bus scoile, más ábhartha; turais go dtí na hoileáin agus ó na hoileáin, etc. Níl BOOGRC dlite aon íocaíocht a dhéanamh le scoláirí/tuismitheoir/caomhnóirí.

The financial value of the residency is determined by DCHG. The residency monies are exclusively for purposes of accommodation only on the islands during the school's academic year. No monies will be payable to students or parents/guardians. Parents/guardians are

liable for any additional costs that may arise during the period of the scholarship e.g. school transport costs, if applicable; journeys to and from the islands, etc. GRETB is under no financial obligation to students/parents/guardians.

7. Cáilítheacht ar iarratas ar chónaitheacht scoil oileáin a chur isteach
Eligibility to apply for an island schools' residency

Scoláirí iar-bhunoideachais lánaimseartha agus a bhfuil seoladh buan baile acu taobh amuigh den Ghaeltacht, deimhnithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí.
Ní ionann iarratas a chur isteach agus tairiscint de chineál ar bith a bheith faighte ag iarratasóir ó BOOGRC.

Full-time post-primary students and who have a permanent home address outside the Gaeltacht, verified by parents/guardians.
Submitting an application should in no way be construed by the applicant as having received formal offer of any kind from GRETB.

8. An próiseas iarratais
The application process

Is próiseas iarratais ar líne amháin a bheidh i bhfeidhm ag BOOGRC. Fogrófar an próiseas iarratais. Beidh na coinníollacha iarratais ar fad liostaithe sa phacáiste ar líne. Is gá do gach iarratasóir na coinníollacha iarratais seo ar fad a chomhlíonadh le go mbeidh iarratas bailí faighte. Tharlódh go mbeadh gearrliostú mar chuid den phróiseas iarratais. Bunófar próiseas roghnúcháin de dhroim na n-iarratas a thagann isteach chuig BOOGRC, agus i ndiaidh an ghearrliostaithe, más ann. **Ní dhámhfar ach cónaitheacht amháin ar a mhéid ar aon teaghlach iarrthach.**

Application for placement shall be an online process only. The application process shall be advertised. All conditions pertaining to the application process shall be available online. Applicants must satisfy all of the conditions listed in order for an application to be deemed valid. Shortlisting may take place as part of the application process. A selection process shall take place, arising from the number of applications received by GRETB. **Only one residency may be awarded to any individual applicant family.**

9. Tinreamh scoile iarrthóra roimhe seo

Tá sé éigeantach d'iarrthóir taifead oifigiúil dá t(h)inreamh scoile don bhliain acadúil roimh bhliain an iarratais agus go dáta i mbliain acadúil an iarratais a chur ar fáil mar chuid dá (h)iarratas. Má bhíonn níos mó ná 20 lá neamhláithreachta ar thaifead tinrimh iarrthóra i gceachtar den dá bhliain luaite anseo, dícháileofar an t-iarrthóir sin ón gclár cónaitheachta, ach amháin i gcúinsí fíoreisceachtúla deimhnithe (eg cónaí thar lear, ospidéalú etc), sin chun sástacht BOOGRC.

Applicant's previous school attendance

As part of the application process, the applicant shall furnish official records of his/her school attendance for the academic year prior to his/her application and to date in the academic year of his/her application. If an applicant's record of school non-attendance

exceeds 20 days in any of the 2 years referenced here, this will automatically disqualify the applicant from consideration for the residency programme, except where very exceptional and verifiable circumstances pertain (eg living abroad, hospitilisation etc), to the satisfaction of GRETB.

10. Achomharc
Appeal

Tá ceart chun achomhairc ag iarratasóir in aghaidh chinneadh BOOGRC. Ní bheidh Alt 29 den Acht Oideachais, 1998 infheidhme i gcás diúltaithe faoin bpolasaí seo.

An applicant has the right to appeal a decision of GRETB. Section 29 of the Education Act, 1998 shall not be applicable in any appeal against a refusal under this policy.

11. Athbhreithniú ar an bpolasaí
Review of policy

Athbhreithneoidh BOOGRC an polasaí seo gach trí bliana, nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an polasaí seo.

This policy shall be reviewed by GRETB every three years, or as soon as possible after any relevant changes having taken place in relation to any matters comprehended by this policy.

Faofa ag Bord BOOGRC ar an 11 Nollaig, 2018
Approved by GRETB Board on 11 December, 2018